



Conference  
on the **Future**  
of **Europe**

# An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

Painéal Saoránach Eorpach 1: ‘Geilleagar níos  
láidre, ceartas sóisialta agus poist / Oideachas,  
cultúr, an óige agus spórt / An t-aistriú  
digiteach’

## An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

### Painéal Saoránach Eorpach 1:

**'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist / Oideachas, cultúr, an óige agus spórt / An t-aistriú digiteach'**

### NA MOLTAÍ A GHLAC AN PAINEÁL (LE TABHAIRT AR AGHAIDH GO DTÍ AN CRUINNIÚ IOMLÁNACH)

#### Sruth 1: Ag obair san Eoraip

##### Foshruth 1.1 Margadh an tsaothair

1. Molaimid go dtabharfar isteach pá íosta chun caighdeán maireachtála den chineál céanna a chinntiú ar fud na mBallstát uile. Aithnímid na hiarrachtaí atá á ndéanamh cheana féin i dtreoir an Aontais COM(2020) 682 chun an tslí maireachtála a chaighdeánú. Ní mór don pá íosta glanioncam íosta a dhaingniú chun cuspóir bunriachtanach a bhaint amach: ba cheart go mbeadh níos mó airgid le caitheamh ag gach duine atá i ngátar. Ba cheart go gcuirfí na gnéithe seo a leanas san áireamh i dtaca leis an bpá íosta:
  - Ba cheart don Aontas a chinntiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é i ngeall nach gcuireann gach Ballstát cosaint oibrithe i bhfeidhm go leordhóthanach.
  - Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhaireachán agus ar rianú a dhéanamh ar fheabhsúchán ar an gcaighdeán maireachtála.
  - Ní mór don pá íosta an chumhacht cheannaigh i dtíortha éagsúla a chur san áireamh. Tá gá le timthriall athbhreithnithe rialta chun oiriúnú don athrú ar an gcostas maireachtála (e.g. trí bhoilsciú).

Molaimid an méid sin toisc go bhfeabhsaítear ceartas sóisialta i margadh an tsaothair le pá íosta agus go bhfeabhsaítear dálaí maireachtála nithiúla na bhfostaithe sna Ballstáit uile. Baineann tábhacht ar leith leis sin i gcomhthéacs timpeallacht oibre atá ag athrú go tapa, e.g. trí dhigitíú.

2. Tá Rialachán de chuid an Aontais (Treoir AE maidir le hEagrú Ama Oibre – 2003/88/CE) i bhfeidhm cheana féin. Mar sin féin, ní leor é chun cothromaíocht idir an obair agus an saol a chinntiú. Mar chéad chéim, molaimid go ndéanfar athbhreithniú ar an gceart atá ann faoi láthair le bunú an leor é do na cúinsí reatha. Ar an dara dul síos, ba cheart don Aontas sásra faireacháin níos déine a bhunú chun an cur chun feidhme a chinntiú i ngach Ballstát. Ní mór aird ar

**leith a thabhairt ar earnálacha éagsúla lena mbaineann leibhéil éagsúla struis agus ualaí, go síceolaíoch agus go fisiciúil araon. Mar sin féin, ag an am céanna, braitheann earnálacha eile ar níos mó solúbthachta ó fhostaithe chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais shonracha chorparáideacha.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil cothromaíocht níos fearr tábhachtach mar go gcuireann sé le comhtháthú sóisialta, mar aon le cothrom na Féinne i measc fostaithe. Sa bhreis air sin, bíonn tionchar dearfach aige ar leas aonair na bhfostaithe.

### Foshruth 1.2 An Óige agus Fostaíocht

- 3. Molaimid go ndéanfar leibhéal na gclár oideachais éagsúil ar fud san Aontas a chomhchuíbhíú le glacadh leis an ábhar náisiúnta. Dá réir sin, molaimid go ndéanfar cáilíochtaí gairmiúla a bhailíochtú agus a aithint go frithpháirteach sna Ballstáit go léir.**

Molaimid an méid sin toisc gur mian linn soghluaisteacht saothair na hEorpa a éascú agus an t-ualach riaracháin a laghdú.

- 4. Molaimid go dtabharfar léargas do dhaltáí meánscoile (ó 12 bhliain d'aois i leith) ar an margadh saothair amach rompu trí dheis a thabhairt dóibh roinnt cuairteanna breathnóireachta d'ardchaighdeán a dhéanamh in eagraíochtaí brabúis agus in eagraíochtaí neamhbhrabúis. Molaimid cuideachtaí a spreagadh chun glacadh le daltaí breathnóireachta trí fhóirdheontais a thabhairt dóibh. I gceantair thuaithe nach bhfuil na ceiseanna céanna ar fáil, ní mór do scoileanna áitiúla, rialtais, eagraíochtaí agus cuideachtaí obair i ndlúthchomhar lena chéile chun go mbeidh na cuairteanna breathnóireachta sin éifeachtach freisin.**

Molaimid an méid sin toisc gur mian linn léargas a thabhairt do dhaoine óga ar na féidearthachtaí éagsúla sa mhargadh saothair ionas go mbeidh siad in ann rogha níos fearr i dtaca lena gcuid staidéir agus a ngairmeacha amach anseo, sin agus tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann leis an cúrsa staidéir ceart a roghnú. Foghlaimeoidh siad freisin faoi fhreagracht agus faoin gcaoi ar cheart dóibh meas a bheith acu ar an margadh saothair. Cuideoidh sé le daoine óga iad féin a imeascadh sa mhargadh saothair. Ní bheadh aon duine thíos leis an gcur chuige sin.

5. **Molaimid go ndéanfar bogscileanna a chleachtadh a chomhtháthú i gcúrsaí sna curaclaim i scoileanna. Is éard atá i gceist againn le bogscileanna: a bheith ag éisteacht lena chéile, idirphlé, athléimneacht, tuiscint, meas agus meas ar dhaoine eile a spreagadh, an smaointeoireacht chriticiúil, an féinstaidéar, a bheith fiosrach agus a bheith dírithe ar thorthaí. Ba cheart oiliúint a chur ar mhúinteoirí maidir leis na scileanna seo a mhúineadh trí chomhoibriú go dlúth le hoibrithe sóisialta agus/nó le síceolaithe. Is iad seo a leanas moltaí eile maidir lena gcur chun feidhme: cláir mhalartaithe a eagrú do dhaltaí idir scoileanna, rannpháirtíocht a eagrú in imeachtaí spóirt agus in imeachtaí cultúrtha tras-scoileanna etc.**

Molaimid an méid sin toisc gur bunscileanna iad scileanna boga atá ag teastáil, sin agus gur scileanna iad a chailtear sa ré dhigiteach. Ach is scileanna iad a bheidh fíor-riachtanach i saol ár n-óige amach anseo. Dá bhrí sin, molaimid go láidir iad a thabhairt isteach sa churaclam ionas go gcabhróidh siad leo a bheith athléimneach agus fadhbanna meabhairshláinte a sheachaint agus a shárú má bhíonn orthu dul i ngleic lena leithéid amach anseo. Neartaíonn scileanna sóisialta caidreamh idirdhaonna agus dá bhrí sin cabhraíonn siad le daoine a náit a aimsiú sa tsochaí.

6. **Molaimid go mbeidh pleananna dea-ullmhaithe le cásanna mionsonraithe réidh le himscaradh ar bhealach solúbtha má bhuailtear ag géarchéim thromchúiseach sinn ar mhaithe leis an tionchar féideartha a laghdú ar chúrsaí staidéir, ar ghairmoiliúint, ar fholláine mheabhrach etc. ar ár ndaoine óga. Is é seo a leanas a bhfuil i gceist againn le 'tionchar': costas níos airde staidéir nó oiliúna, síneadh éigeantach ar chúrsaí staidéir, intéirneachtaí nach bhféadfaí a dhéanamh, méadú ar fhadhbanna meabhairshláinte. Ní mór na scrípteanna a rollú amach chun an tionchar ar dhaoine óga, agus an tionchar ar a n-aistriú go dtí an margadh saothair a laghdú.**

Molaimid an méid sin toisc go mbíonn staid na hóige an-leochaileach in aimsir na géarchéime.

### Foshruth 1.3 An tAistriú Digiteach ag an Obair

7. **Molaimid go dtabharfaidh an tAontas isteach nó go ndéanfaidh sé an reachtaíocht atá ann cheana a threisiú lena rialaítear 'obair chliste' mar a**

thugtar air [is é sin, obair a dhéanamh ar líne agus go cianda, e.g. ó oifig sa bhaile nó ó áit eile le nasc idirlín]. Anuas air sin, molaimid go rithfidh an tAontas reachtaíocht le cuideachtaí a spreagadh chun bheith freagrach go sóisialta agus chun Poist ardchaighdeán lena mbaineann modh oibre cliste a choinneáil laistigh den Aontas. Féadfaidh na dreasachtaí a bheith ina ndreasachtaí airgeadais agus/nó clú, agus ba cheart go gcuirfí san áireamh iontu critéir Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (ESG) atá ann cheana agus a aithnítear go hidirnáisiúnta. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas meitheal a bhunú ina mbeadh saineolaithe ó na páirtithe leasmhara uile chun iniúchadh a dhéanamh ar reachtaíocht den sórt sin, agus chun í a neartú.

Molaimid an méid sin toisc gur gá dúinn poist ardchaighdeán lena mbaineann modh oibre cliste a chur chun cinn agus a n-athlonnú chuig tíortha le costais níos ísle agus nach tíortha den Aontas iad a sheachaint. Cuireann paidéim COVID-19 agus na treochtaí eacnamaíocha domhanda leis an bpráinn chun poist a chosaint san Aontas agus an 'obair chliste' a rialú.

8. Molaimid go gcinnteoidh an tAontas an ceart chun oiliúint dhigiteach do shaoránaigh uile an Aontais. Go háirithe, d'fhéadfaí scileanna digiteacha daoine óga a threisiú trí dheimhniúchán an Aontais a thabhairt isteach i scoileanna a d'ullmhódh iad don mhargadh saothair amach anseo. Molaimid freisin oiliúint shonrach ar leibhéal an Aontais chun athoiliúint a chur ar oibrithe agus iad a uas-sciliú le bheith iomaíoch sa mhargadh saothair. Ar deireadh, molaimid go n-ardóidh an tAontas tuilleadh feasachta i dtaca leis na hardáin dhigiteacha atá ann cheana a nascann daoine le fostóirí, ar ardáin iad a chuidíonn leo poist a aimsiú san Aontas, e.g. EURES.

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil scileanna digiteacha deimhnithe ríthábhachtach do dhaoine chun dul isteach sa mhargadh saothair agus d'oibrithe chun athsciliú a dhéanamh agus chun fanacht iomaíoch.

## Sruth 2: Geilleagar don Todhchaí

### Foshruth 2.1 Nuálaíocht agus Iomaíochas Eorpach

9. Molaimid go gcruthóidh an tAontas deiseanna d'eintitis éagsúla (ollscoileanna, corparáidí, institiúidí taighde, etc.) chun infheistíocht a

**dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht agus é mar aidhm na rudaí seo a leanas a fhorbairt:**

- **ábhair nua, arb é is aidhm dóibh a bheith ina roghanna malartacha atá níos inbhuanaithe agus níos bith éagsúla ná na cinn atá in úsáid faoi láthair,**
- **úsáidí nuálacha na n-ábhar atá ann cheana (bunaithe freisin ar an athchúrsáil agus ar theicnící úrscothacha ag a bhfuil an lorg comhshaoil is lú).**

**Molaimid go mbeidh an méid sin ina ghealltanais fadtéarmach leanúnach ón Aontas (go dtí 2050 ar a laghad).**

Molaimid an méid sin toisc go mairimid ar phláinéad a bhfuil acmhainní teoranta aige. Más mian linn todhchaí a bheith againn, ní mór dúinn an aeráid a chosaint agus roghanna atá neamhdhíobhálach don phláinéid a chuardach. Is mian linn freisin go mbeidh an tAontas ina cheannaire sa réimse sin le buntáiste láidir iomaíoch ar an ardán idirnáisiúnta. Is é is rún an mholta torthaí nuálacha a chur ar fáil a fhéadfar a chur i bhfeidhm go forleathan agus a chur chun feidhme thar réimsí agus thíortha éagsúla. Bheadh tionchar dearfach aige freisin ar an ngeilleagar agus ar an margadh saothair trí dheiseanna nua fostaíochta a chruthú i réimse na nuálaíochta inbhuanaithe. D'fhéadfadh an méid sin cuidiú chun na héagóracha sóisialta a chomhrac trí mhodhanna táirgeachta atá nua agus níos eiticíúla a chur in ionad na modhanna táirgeachta atá ann faoi láthair.

**10. Molaimid go dtabharfaidh an tAontas gealltanais fadtéarmach leanúnach chun cur go mór lena sciar d'fhuinneamh atá foinsithe go hinbhuanaithe, agus úsáid á baint as raon éagsúil foinsí in-athnuaite ag a bhfuil an lorg comhshaoil is ísle (bunaithe ar mheasúnú iomlánaíoch saolré). Sa bhreis air sin, ba cheart don Aontas infheistiú a dhéanamh chun cáilíocht an bhonneagair leictreach agus na greille leictreachais a fheabhsú agus a chothabháil. Molaimid freisin go n-aithneofaí rochtain ar fhuinneamh agus ar inacmhainneacht fuinnimh mar bhuncheart na saoránach.**

Molaimid an méid sin toisc:

- go mbeadh an tAontas níos neamhspleáiche ar fhuinneamh ach foinsí fuinnimh a éagsúlú (foinsí na gréine, na gaoithe, an hidrigin, an uisce sáile, nó aon mhodhanna inbhuanaithe a bheidh ann amach anseo),
- go laghdódh sé costais leictreachais do shaoránaigh an Aontais,

- go gcruthóidh sé poist agus go ndéanfaidh sé an margadh fuinnimh a athstruchtúrú (go háirithe i réigiúin a bhí ag brath go mór ar bhreoslá iontaise go dtí seo),
- go spreagfaidh sé forbairt eolaíoch teicnící nuálacha foinsithe fuinnimh,
- go bhfuil cáilíocht an bhonneagair leictreach agus na greille leictreachais chomh tábhachtach céanna le foinsí fuinnimh, rud a fhágann gur féidir fuinneamh a dháileadh agus a iompar ar bhealach rianúil éifeachtúil inacmhainne.

**11. Molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn go gníomhach próisis táirgthe níos glaise, trí fhordeontais nó trí luaíochtaí eile a chur ar fáil do chuideachtaí a dhéanann iarracht costais chomhshaoil a bpróiseas táirgeachta a ísliú. Sa bhreis air sin, is éard a éilimid iarracht chun láithreáin bpríomhthionscadal a feirmshaothraithe agus limistéir ghlasa faoi chosaint a bhunú timpeall ar láithreáin atá ann cheana féin. Níor cheart a cheangal ar chuideachtaí na hiarrachtaí sin a mhaoiniú as a bpóca féin, i bpáirt ar a laghad.**

Molaimid an méid sin toisc gur gné thábhachtach den slabhra soláthair iad próisis táirgthe. D'fhéadfaí ár dtionchar ar an aeráid a laghdú go mór ach iad a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil. Creidimid gur cheart cuideachtaí agus tionscail a choinneáil cuntasach as an gcaoi a dtáirgeann siad a dtáirgí (lena n-áirítear bearta feirmshaothraithe agus bearta cosanta comhshaoil). Nuair a dhéantar próisis táirgthe níos glaise, ullmhaítear iad don todhchaí agus déantar níos athléimní iad (rud a chosnaíonn poist).

[Foshruith 2.2 Geilleagar Inbhuanaithe](#) / [Foshruith 2.3 Cánachas](#)

**12. Molaimid nach n-úsáidfear coimeádáin phlaisteacha agus go mbainfear úsáid níos ginearálta as coimeádáin in-ath-inúsáidte. Ba cheart go mbeadh dreasachtaí ann do thomhaltóirí agus do chuideachtaí ionas nach mbeidh sé níos costasaí don tomhaltóir earraí a cheannach ar an mórchoír ('en vrac' i bhFraincis nó 'sfuso' in Iodáilis) seachas earraí pacáistithe. Na cuideachtaí a chuidíonn leis an aistriú sin, ba cheart sochair fhioscacha a bheith ann dóibh agus na cuideachtaí nach gcuidíonn leis, ba cheart dóibh níos mó cánacha a íoc. Na hearraí sin nach féidir a úsáid an athuair, ba cheart go mbeadh siad in-athchúrsáilte agus/nó in-bhithmhílte. Tá gá le hinstitiúid phoiblí nó le hinstitiúid formhaoirseachta le faireachán a dhéanamh ar gach rud, chun na rialacha a shocrú agus chun iad a roinnt le gach duine. Moltar oideachas a chur ar chuideachtaí agus ar thomhaltóirí araon a iompar a athrú san fhadtárma, sin cumarsáid a dhéanamh leo i dtaca leis na gníomhaíochtaí faoi chaibidil, trí**

**na meáin shóisialta freisin. Ba cheart cuideachtaí a spreagadh agus ba cheart cabhrú leo teacht ar na réitigh is fearr i dtaca lena gcuid dramhaíola (cuideachtaí tógála mar shampla).**

Molaimid an méid sin toisc nach mór dúinn uile a bheith freagrach as ár gcuid gníomhaíochtaí. Mar sin, ní mór dúinn athmhachnamh a dhéanamh ar gach próiseas táirgthe. Chun athchúrsáil a dhéanamh, tá go leor acmhainní ag teastáil (uisce, fuinneamh), dá bhrí sin ní féidir gurb í an t-aon fhreagra amháin atá againn. Is é sin an fáth a bhfuil sé molta againn bulc-earraí a thráchtáil. Ní cheart athchúrsáil a úsáid ach amháin le haghaidh ábhair atá éasca le hathchúrsáil. Agus is eol dúinn leis an sampla Fionlannach gur féidir cuid mhór a athchúrsáil.

- 13. Molaimid go dtabharfar isteach na rialacha fioscacha céanna san Eoraip agus go ndéanfar beartais fioscacha a chomhchuibhiú ar fud an Aontais. Le comhchuibhiú cánach, ba cheart go mbeifí in ann saoirse a thabhairt do na Ballstáit aonair chun a rialacha cánach féin a leagan síos agus imghabháil cánach a chosc san am céanna. Chuirfeadh an méid sin cleachtais dhíobhálacha fioscacha agus le hiomaíocht cánach. Ba cheart go mbainfeadh cánacha le hidirbhearta tráchtála san áit a ndéantar iad. Nuair a dhíolann cuideachta i dtír, ba cheart dóibh cánach a íoc sa tír áirithe sin. Bheadh sé d'aidhm ag na rialacha nua sin dí-athshuí a chosc agus a chinntiú go ndéanfaí na hidirbhearta agus an táirgeadh idir tíortha na hEorpa.**

Molaimid an méid sin chun poist agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Eoraip a chosaint agus a fhorbairt le cothromas idir na Ballstáit. Tabharfaidh sé comhthuisicint ar an gcóras fioscach laistigh den Eoraip. Tá sé beartaithe aige deireadh a chur le staid monaplachta ollmhór na mórchuideachtaí nach n-íocann go leor cánacha i gcomparáid le cuideachtaí níos lú. Coinneoidh sé freisin an t-airgead san áit a ndéantar gníomhaíochtaí tráchtála.

- 14. Molaimid go bhfaighfear réidh le córas na dífheidhmeachta pleanáilte do gach gléas leictreonach. Ba cheart an t-athrú a thabhairt isteach ar leibhéal an duine aonair agus ar an leibhéal tráchtála araon, chun a ráthú gur féidir linn úinéireacht a bheith againn ar ghléasanna, iad a dheisiú agus iad a uasghrádú san fhadtéarma. Molaimid gléasanna athchóirithe a chur chun cinn. Bheadh sé éigeantach do chuideachtaí an ceart chun deisithe a ráthú, uasghrádú agus nuashonrú ar bhogearraí san áireamh, agus gach gléas a athchúrsáil san fhadtéarma, ach rialachán a thabhairt isteach. Moltar freisin gur cheart don ghnáthdhuine úsáid a bhaint as nascóirí caighdeánaithe.**



Molaimid an méid sin toisc nach maireann táirgí ach ar feadh dhá bhliain sa saol nua-aimseartha go hiondúil. Ba mhaith linn go mbeadh saolré níos faide acu de thart ar 10 mbliana. Beidh tionchar dearfach ag an moladh seo ar an athrú aeráide agus ar an éiceolaíocht. Laghdóidh sé freisin na costais ar thomhaltóirí chomh maith leis an tomhaltóireacht.

- 15. Molaimid go gcabhrófar le gach duine foghlaim faoin gcomhshaol agus faoin nasc atá ann leis sláinte aonair gach duine tríd an oideachas. Cuideoidh cúrsaí oideachais le gach duine a straitéisí pearsanta féin a shainiú chun na hábhair seo a chomhtháthú ina saol. Ba cheart tús a chur leis an oideachas sin ar scoil le hábhair ar leith a thugann aghaidh ar shaincheisteanna éiceolaíochta, agus ba cheart don oideachas sin leanúint ar aghaidh tríd an saol (ag an obair, mar shampla). Cuideoidh sé le dramhaíl a laghdú agus leis an gcomhshaol agus sláinte an duine a chosaint. Cuirfidh an t-oideachas sin tomhaltas áitiúil earraí sláintiúla agus neamhphróiseáilte chun cinn, ar earraí iad a fhaightear ó tháirgeoirí áitiúla. Na daoine sin nach ngníomhaíonn chun dramhaíl a laghdú, beidh orthu cúrsa oiliúna saor in aisce a dhéanamh ar na saincheisteanna sin. Le go mbeifear in ann an stíl mhaireachtála sin a oiriúnú, ní mór do phragsanna a bheith cothrom don táirgeoir agus don tomhaltóir. Dá bhrí sin, molaimid go mbeidh díolúintí cánach ag táirgeoirí beaga, áitiúla atá neamhdhíobhálach don gcomhshaol.**

Molaimid an méid sin toisc go gcreidimid nach bhfuil imní ar go leor daoine faoi na saincheisteanna sin. Is é sin an fáth a bhfuil gá le hoideachas don uile dhuine ina leith. Ina theannta sin, is iondúil nach mbíonn táirgí áitiúla agus sláintiúla inacmhainne do go leor daoine. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil fáil níos forleithne ag an uile dhuine ar tháirgí a dhéantar go háitiúil.

#### [Foshruth 2.4 Talmhaíocht / Foshruth 2.5 An Bonneagar Digiteach](#)

- 16. Molaimid go gcuirfear i bhfeidhm comhchóras lipéadaithe Eorpach atá éasca le tuiscint do tháirgí tomhaltais agus cothaithe (mar chuid den fhaisnéis, bheadh ailléirginí, an tír tionscnaimh, etc), trédhearcacht faoi phróisis formheasa leanúnacha, faisnéis faoi tháirgí a dhigitiú trí aip Eorpach chaighdeánaithe lena gceadófaí rochtain níos éasca don úsáideoir agus lena gcuirfí ar fáil faisnéis bhreise faoi tháirtí agus faoin slabhra táirgthe. Feicimid freisin go bhfuil gá le comhlacht atá fíor-neamhspleách chun rialú a dhéanamh**

**ar chaighdeán bhia ar fud an Aontais, ar comhlacht é ag a mbeidh cumhachtaí reachtacha chun go mbeidh sé in ann smachtbhannaí a chur i bhfeidhm.**

Molaimid an méid sin toisc gur cheart go mbeadh saoránaigh an Aontais ag súil leis go mbeadh an caighdeán céanna bia ann. Sláine na dtáirgí bia, is rud riachtanach é chun sábháilteacht na saoránach a chinntiú. Déantar na moltaí sin chun feabhas a chur ar an bhfaireachán ar fhormheas agus ar thrédhearcacht an táirgthe bia ar bhealach comhchuibhithe.

- 17. Molaimid go mbeidh an bonneagar ina shócmhainn stáit chun méadú ar mhonaplachtaí teileachumarsáide agus seirbhíse idirlín a chosc. Ba cheart an ceart chun rochtain ar an idirlíon a bheith ag cách, ba cheart go mbeadh sé ina thosaíocht nascthacht idirlín a chur ar fáil i 'mbandaí bána / i mbandaí marbh' (ceantair nach bhfuil rochtain ar an idirlíon acu). Is tosaíocht iad leanaí agus teaghlaigh a mhéid a bhaineann le rochtain a fháil ar an idirlíon agus ar chruaearraí, go háirithe i dtaca leis an oideachais agus go cinnte in aimsir phaindéime. Tá gá le tionscnamh chun tacú leis an gcianobair, cuir i gcás spásanna oifige a bhfuil rochtain acu ar nasc idirlín iontaofa tapa agus ar oiliúint dhigiteach.**

Molaimid an méid sin toisc gur gá dúinn a chinntiú go gcuirtear an t-aistriú digiteach i gcrích ar bhealach cothrom. Is rud bunriachtanach é rochtain ar an idirlíon don daonlathas agus is ceart é atá ag saoránaigh uile na hEorpa.

- 18. Molaimid go léireofar meas ar fheithidí áitiúil agus go ndéanfar iad a chosaint ar speicis ionracha. Molaimid freisin a bheith i bhfách le forbairtí nua tógála agus iad a spreagadh chun go mbeidh spásanna glasa éigeantacha iontu. Éilimid go dtabharfar isteach an bhithéagsúlacht mar ábhar éigeantach i scoileanna trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí curaclaim, e.g. trí ghníomhaíochtaí praiticiúla. Tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar fheasacht i leith na bithéagsúlachta trí úsáid a bhaint as feachtais sna meáin agus as 'comórtais' dreasaithe ar fud an Aontais (comórtais áitiúla ar scála an phobail). Molaimid go mbunófar spriocanna náisiúnta ceangailteacha ar fud na mBallstát maidir le crainn dhúchasacha agus flóra áitiúla a athfhoraoisiú.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil an bhithéagsúlacht ríthábhachtach don chomhshaol, do chaighdeán na beatha agus don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

## Sruth 3: Sochaí Chóir

### Foshruth 3: An tSlándáil Shóisialta

- 19. Molaimid go gcuirfear beartais shóisialta agus comhionannas ceart a chur chun cinn, i dtaca leis an tsláinte san áireamh agus iad comhchuibhithe don Aontas ar fad, lena gcuirfear san áireamh na rialacháin chomhaontaithe chomh maith leis na ceanglais íosta ar fud na críche.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil éagothromaíochtaí móra ann idir na Ballstáit maidir le beartais shóisialta ar gá iad a laghdú chun saol maith a bhaint amach do na saoránaigh go léir, sin agus chun an cúram agus an tacaíocht a theastaíonn ó dhaoine leochaileacha ar chúiseanna éagsúla a thabhairt dóibh (sláinte, aois, gnéaschlaonadh, etc.).

- 20. Molaimid go gcuirfear chun cinn an taighde i gcúrsaí sóisialta agus agus sa tsláinte san Aontas, lena leanfar línte tosaíochta a mheastar a bheith chun leas an phobail agus a bhfuil comhaontaithe ag na Ballstáit, lena gcuirfear ar fáil freisin maoiniú cuí. Ní mór dúinn an comhar a threisiú idir réimsí saineolais, thar thíortha agus thar ionaid staidéir (ollscoileanna, etc.).**

Molaimid an méid sin toisc gurb iomaí réimse atá ann inar gá dúinn dul chun cinn a dhéanamh agus an t-eolas atá againn a dhoimhniú. Léiríonn an taithí atá againn ar an bpaindéim sampla ina bhfuil an taighde riachtanach chun feabhas a chur ar an saol agus ina bhfuil comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, agus idir rialtas agus rialtas riachtanach, sin agus ina bhfuil gá le tacaíocht airgeadais.

- 21. Molaimid gur cheart inniúlachtaí níos láidre a bheith ag an Aontas i mbeartais shóisialta chun rialacha íosta agus sochair phinsin a chomhchuibhiú agus a bhunú ar fud an Aontais, ar rialacha iad a bheadh bunaithe ar dhiagnóis chríochnúil. Is gá go mbeidh riachtanais íosta phinsin thar líne bochtaineachta na tíre. Ba cheart go mbeadh éagsúlacht ann atá bunaithe ar chóras catagóirithe gairmeacha, lena gcuirfí ar chumas gairmithe a oibríonn i ngairmeacha atá dian ó thaobh an choip agus ó thaobh meabhrach de dul ar scor níos luaithe ná an aois scoir. San am céanna, ba cheart go mbeadh cearta faoi ráthaíocht ann chun oibre do dhaoine scothaosta ar mian leo leanúint de bheith ag obair ar bhonn deonach.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil an t-ionchas saoil ag dul i méid agus go bhfuil laghdú ag teacht ar an ráta breithe. Tá daonra na hEorpa ag dul in aois agus is ar an gcúis sin is gá dúinn tuilleadh beart a dhéanamh chun baol imeallaithe daoine scothaosta a sheachaint agus chun a saol cuibhiúil a chinntiú.

- 22. Molaimid sraith de bhearta comhaontaithe chun méadú ar an ráta breithe a spreagadh agus chun cúram leanaí iomchuí a chinntiú. Cuimsítear leis na bearta sin cúram leanaí inacmhainne agus inrochtana (sa láthair oibre, thar oíche, CBL a laghdú ar threalamh do leanaí), tithíocht, obair sheasmhach, ag tacú leis an máithreachas, tacaíocht agus cosaint shonrach oibre do dhaoine óga agus do thuismitheoirí agus tacaíocht a thabhairt do mháithreacha agus d'aithreacha le rochtain ar fhaisnéis nuair a fhillann siad ar an obair, i measc nithe eile.**

Molaimid an méid sin toisc go seasanna na rátaí ísle breithe san Aontas amach, rud a chuireann tuilleadh le haosú dhaonra na hEorpa agus ar cheart bearta a dhéanamh láithreach ina leith. Tá sé d'aidhm ag an tsraith beart atá molta an chobhsaíocht is gá a chinntiú do theaghlaigh óga chun go mbeidh siad in ann a bhfuil ag teastáil a sholáthar dá bpáistí.

- 23. Molaimid cúram sóisialta agus sláinte a ráthú do dhaoine scothaosta sa bhaile agus i dtithe altranais araon. Sa bhreis air sin, tá gá le tacaíocht níos fearr dóibh siúd a thugann aire do dhaoine scothaosta (gaolta).**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil an t-ionchas saoil ag dul i méid agus go bhfuil laghdú ag teacht ar an ráta breithe. Tá daonra na hEorpa ag dul in aois agus is ar an gcúis sin is gá dúinn tuilleadh beart a dhéanamh chun baol imeallaithe daoine scothaosta a sheachaint agus chun a saol cuibhiúil a chinntiú.

- 24. Molaimid go dtacóidh an tAontas le cúram maolaitheach agus an bád cuidithe [eotanáis] agus go leanfar sraith nithiúil rialacha agus rialachán.**

Molaimid an méid sin toisc go laghdódh sé pian na n-othar agus a dteaghlach, sin agus chinnteodh sé deireadh maith leis an saol.

### Foshruth 3.2 Cearta Comhionanna

**25. Molaimid go dtabharfaidh an tAontas tacaíocht atá dírithe ar rochtain spriocdhírthe ar thithíocht shóisialta do shaoránaigh, í i gcomhréir leis na riachtanais shonracha atá acu. Ba cheart go roinnfí an iarracht airgeadais idir maoineoirí príobháideacha, tiarnaí talún, tairbhíthe tithíochta, rialtais na mBallstát ar an leibhéal lárnach agus áitiúil, agus an tAontas Eorpach. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm tithíocht shóisialta a thógáil nó athchóiriú a dhéanamh ar thithíocht shóisialta atá ann cheana, trí chomhlachas comhoibritheach, cíós agus ceannach san áireamh. Ba cheart an tacaíocht a thabhairt bunaithe ar chritéir shoiléire (e.g. an t-achar/an duine i gceist leis an fordheontas, ioncam na dtairbhíthe etc.).**

Molaimid an méid sin toisc go gcinnteodh rochtain fheabhsaithe ar thithíocht go mbainfeadh saoránaigh an Aontais tairbhe as cearta follasacha comhionanna. Chuideodh sé chun teannas sóisialta a mhaolú. Cé go n-iarrtar ar an Aontas den chuid is mó maoirseacht a dhéanamh ar an sásra tacaíochta, ba cheart d'údaráis náisiúnta agus áitiúla fadhbanna tithíochta a réiteach ar bhealach níos gníomhaí.

**26. Molaimid go gcuirfidh an tAontas feabhas ar an rialachán chomh maith le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na mbeart tacaíochta do theaghlaigh ina bhfuil páistí ar fud an Aontais. Ar na bearta sin, ba cheart go mbeadh: fad na saoire do thuismitheoirí, do bhreith an linbh agus liúntais cúraim leanaí a mhéadú.**

Molaimid an méid sin toisc go gceapaimid go maolódh na bearta sin an fhadhb dhéimeagrafach atá roimh an Aontas. Chuirfeadh siad feabhas freisin ar chomhionannas inscne idir thuismitheoirí.

**27. Molaimid go ndéanfaidh an tAontas beart chun a ráthú go bhfuil na cearta comhionanna ag gach uile theaghlach i ngach Ballstát. Ar na cearta sin tá an ceart chun pósta agus chun uchtaithe.**

Molaimid an méid sin toisc go gceapaimid gur cheart do shaoránaigh uile an Aontais cearta comhionanna a bheith acu, cearta teaghlaigh san áireamh. Is é an teaghlach an fhoirm is bunúsaí d'eagraíocht shóisialta. Cuireann teaghlach sona le sochaí shláintiúil. Tá sé mar aidhm agus an moladh a chinntiú go mbaineann gach saoránach tairbhe as cearta teaghlaigh gan beann ar a inscne, a aois, a eitneachas ná a riocht sláinte fhisiciúil

[Foshruith 3.3 Cothroime / Foshruith 3.4 Rochtain ar Spórt](#)

- 28. Molaimid go dtabharfar tosaíocht ar leith don Straitéis Eorpach maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 agus go dtabharfar dreasacht di mar ábhar práinne ar a dtugann na Ballstáit aghaidh ar bhealach éifeachtach. Ba cheart don Aontas (a) táscairí a shainiú (i.e. dearcthaí, an bhearna pá, fostaíocht, ceannaireacht, etc.), faireachán bliantúil a dhéanamh ar an straitéis agus a bheith trédhearcach maidir leis an méid a bhaintear amach; agus (b) Ombudsman a cheapadh chun aiseolas a fháil go díreach ó na saoránaigh.**

Molaimid an méid sin toisc go gceapaimid go bhfuil bóthar fada romhainn chun an comhionannas inscne a bhaint amach ar an leibhéal is mian linn a fheiceáil san Aontas. Ba cheart go mbeadh an comhionannas inscne agus cearta sibhialta ar an leibhéal Eorpach ag teacht le chéile ionas go mbainfear amach iad i ngach tír, ní amháin sna tíortha sin ina bhfuil comhréiteach níos láidre i dtaca leis an ábhar. Is mór againn láithreach agus rannchuidiú na mban i bpoist chumhachtacha, agus in aon chineál gairme, chun go mbeidh Aontas éagsúil comhlíontach againn. Tá mná faoi mhíbhuntáiste i mórán cásanna (fiú sa chás go bhfuil oideachas maith/ardoideachas nó pribhléidí eile acu), agus dá bhrí sin, tá géarghá le straitéis den sórt sin.

- 29. Molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn agus go n-ardaíonn sé feasacht i leith gníomhaíochtaí spóirt agus coirp sna Ballstáit go léir a bhuí leis na buntáistí sláinte a bhaineann leo. Ba cheart spórt agus gníomhaíocht choirp a áireamh mar chuid de bheartais shóisialta, choirp agus mheabhairshláinte, oideachasúla agus shaothair (i.e. spórt a chur chinn agus/nó oideas coirp a fháil ó dhochtúirí, agus ansin rochtain a ráthú ar áiseanna spóirt; 1 uair an chloig oibre in aghaidh na seachtaine chun gníomhaíocht choirp a dhéanamh, etc.).**

Molaimid an méid sin toisc gur infheistíocht í san fhadtárma. Nuair a dhéantar infheistíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp, laghdaítear na costais agus na hualaí ar sheirbhísí sláinte. Cuir i gcás, spórt agus gníomhaíocht choirp mar idirghabháil sláinte, laghdódh sé sin tréimhsí cóireála agus bheadh an chóireáil níos éifeachtaí a bhuí leo. Tá an méid sin á chur i bhfeidhm go rathúil cheana féin i dtíortha áirithe, amhail an Ghearmáin. Is tríd an spórt a bhforbraítear luachanna, cuir i gcás tiomantas, iarracht, féinmheas, meas nó cairdeas. Is coitianta ná riamh stíleanna maireachtála neamhghníomhacha i ngeall ar an méadú ar phoist oifige, agus/nó athrú ar nósanna i dtaca le gníomhaíocht fóillíochta, i measc cúiseanna eile.

- 30. Molaimid go gcuirfidh an tAontas d'oibleagáid ar gach Ballstát pá íosta sainithe a bheith ann atá comhréireach leis an gcostas maireachtála sa stát sin agus a mheastar gur tuarastal cóir é lena bhféadfaí dálaí saoil íosta a thabhairt dóibh thar an líne bochtaineachta. Ní mór do gach Ballstát faireachán a dhéanamh air sin.**

Molaimid an méid sin toisc nach bhfuil sé cothrom nach féidir le duine éigin deireadh na míosa a bhaint amach gan bheith faoi bhrú airgeadais má tá siad ag obair. Ba cheart go gcuirfeadh tuarastail chóra le cáilíocht saoil ar an leibhéal sóisialta. Baineann costas ard do na stáit le pá éagórach (slándáil, seachaint cánach, costais shóisialta níos airde, etc.).

- 31. Molaimid go ndéanfar cúrsaí cánach a chomhchuíbhíú sna Ballstáit laistigh den Aontas (chun tearmainn chánach laistigh den Aontas a sheachaint agus chun díriú ar sheachfhoinsiú a dhéanamh laistigh den Eoraip), sin agus go dtabharfar dreasacht cánach chun seachfhoinsiú post lasmuigh den Aontas a dhíspreagadh.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil imní orainn faoin tionchar a bhaineann le seachfhoinsiú post lasmuigh den Aontas, sheachnódh an méid sin iomaíocht chánach idir Ballstáit an Aontais.

## Sruth 4: Ag foghlaim san Eoraip

### Foshruth 4.1 Féiniúlacht Eorpach / Foshruth 4.2 An tOideachas Digiteach

- 32. Molaimid go gcuirtear an t-ilteangachas chun cinn ó aois óg, ón naíonra i leith, mar shampla. Ón mbunscoil ar aghaidh, ba cheart go mbeadh sé éigeantach do pháistí leibhéal C1 a bhaint amach i ndara theanga oifigiúil de chuid an Aontais nach í a dteanga féin í.**

Molaimid an méid sin toisc gur uirlis é an t-ilteangachas a nascann daoine le chéile, sin agus is droichead é le cultúir eile i ngeall go bhfuil tíortha eile agus a gcultúr níos inrochtana a bhuí leis. Neartaíonn sé féiniúlacht Eorpach agus malartú idirchultúrtha. Tá sé tábhachtach eolas a chur ar chultúir eile i gcomhthéacs an Aontais. Dá bhrí sin, a bheith in ann comhrá a dhéanamh in dá theanga ar leibhéal iontach, chuideodh sé sin le féiniúlacht choiteann Eorpach

agus tuiscint ar chultúir Eorpacha. Ní mór don Aontas a chinntiú go bhfuil dlúthchomhar idir é féin agus institiúidí oideachais chun torthaí oideachais rathúla a fhorbairt. Sa bhreis air sin, ní mór clár tiomnaithe a bheith ann (e.g. ardáin dhigiteacha, cláir Erasmus+ a fhorbairt, etc.) chun an t-ilteangachas amháin a chur chun cinn. Féadfaidh na Scoileanna Eorpacha atá ann faoi láthair fónamh mar shamhail i ndáil leis sin. Ba cheart don Aontas níos mó scoileanna den sórt sin a chur ar bun agus iad a chur chun cinn go gníomhach.

**33. Molaimid go músclóidh an tAontas níos mó feasachta maidir le baol an idirlín agus an digitithe do dhaoine óga trí ábhar éigeantach a chruthú sa bhunscoil. Ba cheart don Aontas uirlisí a chruthú agus spásanna oiliúna coiteanna a chur ar bun chun go mbeidh daoine óga in ann foghlaim i dteannta a chéile.**

Molaimid an méid sin toisc nach bhfuil na tionscnaimh ná na cláir atá ann faoi láthair sa réimse seo dóthanach. Thairis sin, níl eolas ag go leor saoránach de chuid an Aontas ar na tionscnaimh atá ann cheana féin sna réimsí sin. Níl dóthain feasachta ag páistí maidir le baol an idirlín, dá bhrí sin ba cheart dúinn i bhfad níos mó a dhéanamh chun feasacht a chur chun cinn agus a ardú i measc an aosa óig.

**34. Molaimid go ndéanfaidh an tAontas iarracht rochtain níos fearr a thabhairt do ghlúin níos aosta ar an teicneolaíocht trí chlár agus tionscnaimh a chothú, cuir i gcás ranganna a chur ar fáil atá curtha in oiriúint dá riachtanais. Ba cheart don Aontas an ceart chun úsáid a bhaint as an digitiú a ráthú dóibh siúd ar mian leo é agus roghanna malartacha a mholadh dóibh siúd nach mian.**

Molaimid an méid sin toisc gur cheart don Aontas a chinntiú gur féidir le daoine aosta páirt a ghlacadh sa saol digiteach agus nach ndéantar leithcheal ar dhuine ar bith. Ba cheart uirlisí simplithe a thabhairt isteach do na glúnta nach bhfuil an taithí céanna acu ar úsáid teicneolaíochtaí áirithe chun iad a chomhtháthú sa domhan ina mairimid. Molaimid go gcuirtear na tionscnaimh atá ann cheana a chur chun cinn ar bhealach níos fearr chun go mbeidh na saoránaigh ar an eolas faoi na deiseanna sin. Níor cheart don Aontas idirdhealú a dhéanamh i gcoinne na nglúnta aosta i dtaca le húsáid uirlisí ríomhaireachta. (Le cur leis an méid sin, is éard is brí leis gur cheart go mbeadh na saoránaigh in ann maireachtáil gan oibleagáid a bheith orthu dul trí líonra idirlín). Ba cheart don Aontas cúnamh buan a eagrú do na glúnta níos aosta chun rochtain ar uirlisí digiteacha a éasca, agus an cúnamh sin a chur ar fáil saor in aisce.



## Foshruth 4.3 Féiniúlacht Eorpach / Foshruth 4.4 An tOideachas Digiteach

**35. Molaimid go gcruthóidh an tAontas ardán ar a gcuirfear ábhar teagaisc faoin athrú aeráide, an inbhuanaitheacht agus saincheistanna comhshaoil. Cuirfear an t-ábhar ar fáil chun críocha oideachais. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis a bheith bunaithe ar fhíricí, í seiceáilte ag saineolaithe agus curtha in oiriúint do gach Ballstát. An t-ardán féin:**

- **Ba cheart go mbeadh ceachtanna ar fáil ann le haghaidh spriocghrúpaí éagsúla; cuir i gcás, do dhaoine atá ina gcónaí in áiteanna uirbeacha nó tuaithe, do gach aoisghrúpa, do gach leibhéal réamheolais,**
- **Ní mór an t-ardán a bheith ar fáil do gach Ballstát agus ba cheart go mbeadh rochtain éasca air,**
- **Agus é á chur chun feidhme, ba cheart plean a bheith ann i dtaca lena chur chun cinn; ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhar le cuideachtaí ábhartha,**
- **D'fhéadfaí é a chur ar fáil in éineacht le clár maoiniúcháin chun tacú le húsáid agus le cur chun feidhme na faisnéise ar an ardán. Ba cheart go gcuirfeadh an maoiniú tacaíocht ar fáil freisin do thurais allamuigh chun samplaí ábhartha a thaispeáint sa saol.**

Molaimid an méid sin toisc gur gá do dhaoine de gach aois rochtain a fháil ar fhaisnéis atá bunaithe ar fhíricí maidir le conas aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, an inbhuanaitheacht agus ar shaincheistanna comhshaoil. Ní mór do gach duine tuiscint a bheith acu ar choincheapa tábhachtacha, e.g. an lorg éiceolaíoch, go háirithe daoine óga i ngeall go mbaintear úsáid as an méid a fhoghlaimimid mar pháistí ar feadh ár saoil. Is ábhair casta iad agus tá an mhífhaisnéis ann go forleathan ann Tá foinsé iontaofa uainn agus tá inchreidteacht agus acmhainní ag an Aontas chun é sin a chur ar fáil. Tá an méid sin tábhachtach freisin toisc nach ionann na leibhéil eolais agus rochtain éasca ar fhaisnéis inchreidte ar fud na mBallstát.

**36. Molaimid go dtabharfaidh an tAontas tosaíocht d'introchtaineacht clár malartaithe do chách (aoisghrúpaí, na Ballstáit, leibhéal oideachais, agus daoine a bhfuil cumais airgeadais éagsúla acu) sin agus go mbeidh daoine in ann malartuithe nó cláir intéirneachta a dhéanamh idir earnálacha, tíortha, institiúidí oideachais, cathracha agus cuideachtaí. Ba cheart go mbeadh an tAontas freagrach as malartuithe cultúrtha agus sóisialta ar fud an Aontais a thionscnamh, a mhaoiniú agus idirghabháil a dhéanamh i dtaca leo - go fisiciúil agus go digiteach araon. Ní mór don Aontas na tionscnaimh sin a chur chun**

**cinn go gníomhach agus díriú ar dhaoine nach bhfuil ar an eolas cheana féin faoi chlár mhalartaithe chultúrtha agus shóisialta. Roghnaíodh daoine go randamach chun páirt a ghlacadh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus is é an sampla is fearr atá ann de mhalartú ar an leibhéal Eorpach. Tá níos mó den chur chuige sin uainn - ach is éard atá uainn freisin tionscnaimh ar scála níos lú, mar aon le malartuithe sa spórt, sa cheol, in intéirneachtaí (sóisialta), etc.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil sé tábhachtach mothú an mhuintearais agus an chomhtháthaithe a chruthú, sin agus an chaoifhulaingt a chur chun cinn dár ndifríochtaí/dearcaí éagsúla, mar aon lenár scileanna aonair a fhorbairt. Le linn an phróisis, beidh an deis ann cairdeas, tuiscint fhrithpháirteach agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt. Ba mhaith linn rannpháirtíocht gach ball dár bpobail a chur chun cinn, fiú na daoine sin nár ghlac páirt i dtionscnaimh mar sin go dtí seo.

[Foshruth 4.5 Cáilíocht, Airgeadas agus Rochtain ar Oideachas / Foshruth 4.6 An tOideachas a Chomhchuibhiú](#)

**37. Molaimid go ndéanfaidh na Ballstáit go léir caighdeán íosta dearbhaithe oideachais a chomhaontú agus a ghlacadh sna croí-ábhair, agus go gcuirfear tús leis sin sa bhunscoil. Déanfar sin chun a chinntiú go mbeidh rochtain chomhionann ag gach saoránach ar chaighdeán caighdeánach oideachais, lena gcinnteofar cothroime agus comhionannas.**

Molaimid an méid sin ar na fáthanna seo a leanas:

- Dá mbeadh caighdeán íosta ann, bheadh níos mó muiníne ag tuismitheoirí, múinteoirí agus ag daltaí as a gcórais oideachais agus san am céanna, bheadh féidearthachtaí ann seasamh chun tosaigh agus don éagsúlacht araon.
- Dá gcuirfí ár moladh chun feidhme, threiseofaí agus neartófaí féiniúlacht choiteann Eorpach, rud a chothódh dlúthchaidreamh, aontacht agus muintearas.
- Dá gcuirfí an moladh sin chun feidhme, chruthófaí comhar agus malartú níos fearr idir scoileanna ar fud an Aontais, rud a chuirfeadh feabhas ar an gcaidreamh idir an fhoireann teagaisc agus na daltaí, sin agus chuideodh sé go mór le clár mhalartaithe.

**38. Molaimid go múinfear Béarla mar chroí-ábhar sa bhunscoil ar fud na mBallstát go dtí caighdeán is féidir a dhearbhu chun cumas shaoránaigh na hEorpa cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le chéile a éascú agus a neartú.**

Molaimid an méid sin ar na fáthanna seo a leanas:

- Is éard a chuirfeadh sé ar fáil aontacht agus comhionannas níos fearr trí chumas na saoránach a mhéadú cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus thacódh sé le féiniúlacht choiteann Eorpach níos láidre.
- D'fhágfadh sé sin go mbeadh margadh saothair ann a bheadh níos leithne, níos solúbtha agus níos inrochtana, rud a thabharfadh an mhuinín do shaoránaigh idir obair agus chumarsáid a dhéanamh sna Ballstáit go léir agus chuirfeadh sé níos mó deiseanna ar fáil dóibh ar bhonn pearsanta agus gairmiúil.
- Teanga Eorpach atá ag daoine go forleathan, d'fhéadfaí é sin a bhaint amach laistigh de thréimhse ama an-ghearr dá gcuirfí an méid sin chun feidhme.
- Úsáid teanga coiteann, cuireann sé dlús le comhroinnt faisnéise a rachadh chun tairbhe don chomhar agus dár gcumas freagra a thabhairt ar ghéarchéimeanna le chéile, sin agus chuideodh sé le hiarrachtaí daonnúla agus thabharfadh sé an Eoraip agus muintir na hEorpa a thabhairt níos gaire dá chéile.

## Sruth 5: Aistriú Digiteach Eiticiúil Sábháilte

### Foshruth 5.1 Daonlathú an Digitithe / Foshruth 5.2 An Chibearshláid

**39. Molaimid gur cheart go mbeadh níos mó cumhachtaí ag an Aontas chun déileáil le hábhar neamhdhleathach agus leis an gcibearchoiriúlacht. Molaimid go neartófaí cumais Europol/Ionad Cibearchoireachta na hEorpa, ina measc:**

- Níos mó acmhainní airgeadais agus daonchumhacht
- Leanúnachas a chinntiú idir tíortha i dtaca le pionóis
- Deimhin a dhéanamh de go mbeadh forfheidhmiú tapa éifeachtach

Molaimid an méid sin ar mhaithe le saoirse ar an idirlíon a chinntiú agus ag an am céanna a chinntiú go ngearrfar pionós ar idirdhealú, ar mhí-úsáid agus ar chiapadh. Tacaímid leis an smaoineamh go mbeadh comhlacht poiblí Eorpach ann i ngeall nár mhaith linn rialáil na n-ardán ar líne a fhágáil faoi chuideachtaí príobháideacha amháin. Ní mó d'ardáin ar líne freagracht a ghlacadh as an ábhar a dháiltear, ach is mian linn a chinntiú nach gcuirfear a leasanna chun tosaigh. Rialáil an ábhair agus ionchúiseamh na ndaoine atá freagrach as, ní mór dó a bheith éifeachtach gasta ionas go mbeidh tionchar díspreagthach aige ar na coirpigh freisin.

**40. Molaimid go ndéanfadh an tAontas infheistíocht i mbonneagair dhigiteacha nuálacha ardcháilíochta (cuir i gcás 5G a fhorbairt san Eoraip) chun neamhspleáchas na hEorpa a chinntiú agus spleáchas ar thíortha eile nó ar chuideachtaí príobháideacha a chosc. Ba cheart don Aontas freisin aird a dhíriú ar infheistíocht a dhéanamh i réigiúin thearcfhorbartha an Aontais.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil ról ríthábhachtach ag an mbonneagar digiteach i ngeilleagar na hEorpa agus chun an saol laethúil san Eoraip a éascú. Dá bhrí sin, teastaíonn bonneagar digiteach ardcháilíochta ón Eoraip. Má tá an Eoraip ag brath ar dhaoine eile, d'fhéadfadh sé go mbeidh sé leochaileach i ndáil le tionchair dhiúltacha ó chuideachtaí príobháideacha nó ó thíortha eachtracha. Dá bhrí sin, ba cheart don Eoraip infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair dhigiteacha chun a neamhspleáchas a fheabhsú. Tá sé tábhachtach freisin cuimsiú digiteach a chinntiú trí dheimhin a dhéanamh de go bhfaigheann réigiúin atá beagfhorbartha go digiteach infheistíocht.

**41. Molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn an t-oideachas ar an mbréagnuacht, an mhífhaisnéis agus an tsábháilteacht ar líne chun cinn ar fud**

scoileanna na hEorpa. Ba cheart dó leas a bhaint as samplaí de dheachleachtais ar fud an Aontais. Ba cheart don Aontas eagraíocht a chur ar bun chun an obair sin a chur chun cinn go sonrach agus chun moltaí a chur ar fáil do chórais oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh sé chun cinn freisin an t-oideachas neamhfhoirmiúil mar aon le teicnící teagaisc nuálacha cruthaitheacha (e.g. cluichí rannpháirteacha).

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil sé tábhachtach ceachtanna a thabhairt isteach maidir leis an tslándáil ar líne agus an litearthacht sa tsábháilteacht dhigiteach (ag déileáil le camscéimeanna ar líne, an bhréagfhaisnéis etc.) i scoileanna le go mbeidh na huirlisí ag an uile dhuine chun iad féin a chosaint ar bhagairtí ar líne. Tá sé tábhachtach díriú ar an nglúin óg ós rud é go bhfuil siad an-leochaileach do bhagairtí ar líne. Is féidir le scoileanna cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí freisin chun dea-chleachtais a chur chun cinn. Chun críche an chúrsa, d'fhéadfaí tarraingt ar shamplaí de dheachleachtas ar fud na hEorpa (an Fhionlainn, mar shampla) agus d'fhéadfaí an cúrsa a chur in oiriúint do riachtanais gach tíre.

### Foshruth 5.3 Cosaint sonraí

42. Molaimid go gcuirfeadh teorainn bhreise leis an mí-úsáid a bhaineann 'ollchuideachtaí sonraí' as sonraí trí RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr agus trí níos mó meicníochtaí caighdeánaithe a chruthú ar fud an Aontais sin agus trína chinntiú go gcomhlíonfaidh cuideachtaí nach cuideachtaí Eorpacha iad ach a oibríonn san Aontas an méid sin. Mar chuid den fheabhsúchán, ba cheart go mbeadh gá le míniú soiléir agus gearr ar théarmaí úsáide chun débhríocht a sheachaint, chun tuilleadh faisnéise a thabhairt faoin gcaoi a n-úsáidfear iad agus faoin na daoine a úsáidfí iad, agus toiliú mainneachtana a sheachaint maidir le sonraí a athúsáid agus a athdhíol. Ba cheart go gcinnteodh sé go scriostar sonraí go buan nuair a iarrann saoránach air sin. Ba cheart freisin go gcuirfeadh sé feabhas ar fhorfheidhmiú an chomhlíonta chomhsheasmhaigh maidir le próifíliú daoine aonair bunaithe ar a gcuid gníomhaíochtaí ar líne. Molaimid dhá chineál smachtbhanna: fíneáil a ghearradh a bheidh i gcomhréir le láimhdeachas an chuideachta agus teorainneacha a chur le hoibríochtaí na cuideachta.

Molaimid an méid sin toisc nach bhfuil ach trédhearcacht an-teoranta ann faoi láthair maidir leis na cineálacha sonraí a bhailítear, an chaoi a ndéantar é a

phróiseáil agus cé leis a ndíoltar iad. Ní mór dúinn an mhí-úsáid cumhachta ag ollchuideachtaí sonraí a theorannú tuilleadh agus a chinntiú go bhfuil eolas maith ann do shaoránaigh maidir leis an toiliú a thugann siad i dtaca lena sonraí a phróiseáil.

- 43. Molaimid go gcruthófar gníomhaireacht neamhspleách uile-Aontais a mbeadh uirthi iompar ionsáite a shainiú go soiléir (e.g. truscar), sin agus treoirlínte agus sásraí a chruthú maidir leis an gcaoi ar féidir le saoránaigh diúltú a gcuid sonraí a thabhairt agus iad a chúlghairm, go háirithe ó thríú páirtithe. Ní mór sainordú a bheith aige calaoiseoirí agus eagraíochtaí neamhchomhlíontacha a shainaithint agus smachtbhannaí a chur orthu. Ba cheart go n-oibreodh sí chun comhlíonadh a chinntiú le rialacháin an Aontais le haghaidh eintitis nach bhfuil lonnaithe san Aontas ach atá ag feidhmiú ann. Bheadh sí maoinithe ag institiúidí an Aontais agus comhdhéanta de chomhairle mheasctha de chomhlachtaí neamhspleácha (i.e. saineolaithe ó ollscoileanna agus eintitis a dhéanann ionadaíocht ar ghairmithe). Ba cheart freisin praesidium uainíochta aige. Molaimid dhá chineál smachtbhanna: fíneáil a ghearradh a bheidh i gcomhréir le láimhdeachas an chuideachta agus teorainneacha a chur le hoibríochtaí na cuideachta.**

Molaimid an méid sin toisc nach bhfuil aon ghníomhaireacht lárnach ann a bhfuil sainordú láidir aici a d'fhéadfadh cabhrú le saoránaigh go háirithe nuair a bhíonn fadhb acu agus a dteastaíonn cabhair, comhairle nó tacaíocht uathu. Níl aon rialacha soiléire ná sainordaitheacha ann do chuideachtaí agus ní chuirtear smachtbhannaí chun feidhme, sin nó bíonn siad fánach do na cuideachtaí.

- 44. Molaimid córas deimhniúcháin de chuid an Aontais a chruthú lena léireofaí comhlíonadh RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ar bhealach trédhearcach agus ba cheart dó a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis maidir le cosaint sonraí i láthair ar bhealach inrochtana soiléir simplí. Bheadh an deimhniú sin éigeantach agus infheicthe ar shuíomhanna gréasáin agus ar ardáin. Ba cheart go n-eiseodh deimhnitheoir neamhspleách an deimhniú ar an leibhéal Eorpach. D'fhéadfadh an deimhnitheoir sin a bheith ar an bhfód cheana féin nó d'fhéadfaí é a chruthú agus níor cheart dó a bheith nasctha le rialtais náisiúnta ná leis an earnáil phríobháideach.**

Molaimid an méid sin toisc nach bhfuil aon trédhearcacht ann faoi láthair, sin nó níl ann ach beagán trédhearcachta, maidir le cé chomh maith agus atá na sonraí

á gcosaint ag na cuideachtaí aonair agus ní féidir le húsáideoirí/custaiméirí roghanna eolasacha a dhéanamh.

45. Molaimid go dtabharfar míniú níos fearr ar RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus go gcuirfear feabhas ar an gcumarsáid i ndáil leis trí théacs caighdeánach a chruthú i dtaca le comhlíonadh le teanga shimplí shoiléir atá intuigthe do chách. Ba cheart go gcuirfí téacs sin croítheachtairacht agus/nó croíphrionsabail i láthair sa téacs seo. Ba cheart go mbeadh an próiseas a bhaineann le toiliú a thabhairt níos amhairc (i.e. cosúil le haip a iarrann cead sainráite ar rochtain ar an bhfón). Ba cheart go mbeadh feachtas faisnéise (ar an teilifís san áireamh) ag gabháil leis agus ba cheart cúrsaí éigeantacha a chur ar fáil go leanúnach (dóibh siúd a bhíonn ag obair le sonraí ar a laghad). Ba cheart don fheachtas freisin comhairle a chur orthu siúd a bhfuil cúnaimh de dhíth orthu.

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil teanga RGCS ródhoiléir agus rótheicniúil faoi láthair, is ollmhór méid na faisnéise atá ann, agus níl sí inrochtana do chách. Freisin, níl an chumarsáid ar aon dul ar fud tíortha éagsúla agus is minic a eisiann sé cohóirt éagsúla, daoine scothaosta agus dúchasaigh neamhdhigiteacha.

#### Foshruth 5.4 An Digiú Sláintiúil

46. Molaimid go dtabharfaidh an tAontas aghaidh ar fhadhb na 'bréagnuachta' ar dhá bhealach:
- **Reachtaíocht a rith do chuideachtaí na meán sóisialta chun algartaim mheaisínfhoghlama a chur i bhfeidhm atá in ann béim a leagan ar iontaofacht na faisnéise ar na meáin shóisialta agus na meáin nua, ar algartaim iad a chuirfidh foinsí faisnéise a ndearnadh na fíricí a sheiceáil ina leith ar fáil don úsáideoir. Molaimid go ndéanfaidh saineolaithe seiceálacha ar na halgartaim chun a chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú mar is ceart;**
  - **Ardán digiteach a chur chun feidhme lena ndéantar an fhaisnéis ó na meáin thraidisiúnta (e.g. an teilifís, an preas clóite, an raidió) a rátáil go neamhspleách ar leasanna polaitiúla agus eacnamaíocha, agus a chuireann saoránaigh ar an eolas faoi cháilíocht na nuachta gan aon chineál cinsireachta a dhéanamh air. Ba cheart go mbeadh an t-ardán oscailte do ghrinnschrúdú poiblí agus ba cheart go gcloífeadh sé leis na caighdeáin is airde trédhearcachta. Ba cheart don Aontas a chinntiú go n-úsáidfear an cistiú tiomnaithe chun na gcríoch atá beartaithe.**

Molaimid an méid sin toisc nach mór aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla meán agus creidimid dá gcuirfí smachtbhannaí i bhfeidhm nó dá mbainfí ábhar anuas, d'fhéadfaí cinsireacht a dhéanamh ar shaoirse cainte agus ar shaoirse an phreasa. Molaimid go ndéanann saineolaithe seiceálaithe agus faireachán ar fheidhmiú cuí an algartaim chun a chinntiú go bhfuil sé ag obair mar is ceart. Ar deireadh, molaimid go mbeadh an t-ardán ina ardán neamhpholaitiúil agus neamhspleách chun trédhearcacht agus saoirse cainte a chinntiú. Sa bhreis air sin, ó tharla nach bhfuil sé indéanta fáil réidh go hiomlán leis an mbréaghuacht, cuidiú a bheidh ann tionchar na bréaghuachta san Eoraip a laghdú ach na huirlisí sin a chur ar fáil do na saoránaigh.

**47. Molaimid go gcuirfidh an tAontas gníomhaíochtaí éagsúla chun feidhme d'fhonn úsáid shláintiúil an idirlín a chinntiú:**

- **Ar an gcéad dul síos, ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar an easpa bonneagar agus gléasanna, rud a chuireann bac ar shaoránaigh rochtain a fháil ar an Idirlíon.**
- **Ina dhiaidh sin, molaimid freisin go spreagfaidh an tAontas na Ballstáit oiliúint a chur i bhfeidhm faoin idirlíon agus na rioscaí a bhaineann leis do gach aoisghrúpa. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí ranganna a thabhairt isteach i scoileanna do pháistí agus do dhaoine óga, agus cláir agus curaclaim éagsúla a chruthú chun teacht ar dhaoine fásta agus ar shaoránaigh aosacha. Ba cheart do ghrúpa saineolaithe neamhspleácha ábhar na ranganna sin a chinneadh ar an leibhéal Eorpach.**
- **Ar deireadh, éilimid go ndéanann an tAontas gach beart is gá chun a chinntiú nach bhfágfar daoine scothaosta ar lár de réir mar a dhéantar digitiú ar an tsochaí, sin agus a chinntiú gur féidir rochtain a fháil go pearsanta ar sheirbhísí riachtanacha.**
- **Ba cheart don Aontas a chinntiú go n-úsáidfear an cistiú tiomnaithe chun na gcríoch atá beartaithe.**

Molaimid an méid sin toisc go bhfuil easpa bonneagair agus crua-earraí (e.g. Gléasanna) in áiteanna áirithe san Eoraip, agus ní mór a chinntiú go bhfuil nasc ar fáil sula gcuirtear oideachas ar na saoránaigh, i ngeall go bhfuil a fhios againn go bhfuil réigiúin agus próifílí áirithe atá teoranta ó thaobh rochtain ar an idirlíon de. Molaimid ranganna chun cuidiú le páistí an litearthacht dhigiteach a bhaint amach, sin agus cláir eile chun cuidiú leis na glúnta níos aosta san aistriú digiteach. Molaimid freisin na bearta is gá a ghlacadh chun a atreisiú nach ndéanfar cearta an phobail scothaosta a laghdú i ngeall ar an aistriú digiteach.



**48. Molaimid go gcuirfidh an tAontas chun cinn oideachas na saoránach i ngach Ballstát chun an smaointeoireacht chriticiúil, an sceipteachas agus an tseiceáil fíricí a fheabhsú chun a thabhairt orthu conas meastóireacht neamhspleách a dhéanamh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil píosa faisnéise iontaofa. Ba cheart an méid sin a chur i bhfeidhm mar chuid den bhunoideachas agus mar rang ar leith. Ba cheart é a thairiscint freisin i spásanna poiblí eile do shaoránaigh de gach aois ar mian leo leas a bhaint as an oiliúint sin. Ba cheart don Aontas a chinntiú go n-úsáidfear an cistiú tiomnaithe chun na gcríoch atá beartaithe.**

Molaimid an méid sin toisc go gceapaimid go bhfuil sé dodhéanta fáil réidh go hiomlán leis an mbréagnuacht, mar sin cabhróidh an oiliúint seo leis na saoránaigh í a aithint iad féin. Laghdófar éifeachtaí na bréagnuachta ar an tsochaí agus ar na saoránaigh féin ach an méid sin a dhéanamh. Thabharfadh sé sin níos mó faisnéise do na daoine, seachas iad a bheith ag brath ar na hinstitiúidí chun faisnéis iontaofa a fháil dóibh.

## Iarscríbhinn: MOLTAÍ EILE A PHLÉIGH AN PAINEÁL ACH NÁR GLACADH

### Sruth 3: Sochaí Chóir

#### Foshruth 3.2 Cearta Comhionanna

**Molaimid go gcruthóidh an tAontas sásra chun faireachán ar chearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, agus forfheidhmiú na gceart sin a chinntiú (e.g., tairseach nó oifig inar féidir le daoine gearáin a thaisceadh).**

Molaimid an méid sin toisc go gcreidimid gur féidir le gach duine a thuairim a chur in iúl agus go bhfuil sé de cheart aige cabhair a lorg agus a fháil. Tá gá le hoifig den sórt sin chun an teannas idir mionlaigh agus an tromlach a laghdú.

#### Foshruth 3.3 Cothroime / Foshruth 3.4 Rochtain ar Spórt

**Molaimid go n-ardóidh an tAontas feasacht ar ghníomhaíocht choirp a ardú trí dhaoine atá i mbéal an phobail a úsáid mar eiseamláirí (e.g. Ba cheart d'imeachtaí de chuid na Parlaiminte gníomhaíocht choirp nó rud éigin a dhéanamh ar feadh cúpla soicind amhail síneadh, siúl nó léim ar an spota).**

Molaimid an méid sin toisc go n-ardóidh rannpháirtíocht ó dhaoine atá i mbéal an phobail i dtaca le gníomhaíocht choirp feasacht.

### Sruth 5: Aistriú Digiteach Eiticiúil Sábháilte

#### Foshruth 5.3 Cosaint sonraí

**Molaimid go gcruthófar Aitheantas Gréasáin a stórálfar sonraí pearsanta agus íogaire agus a chuirfidh na sonraí sin ar fáil do na húdaráis agus do na póilíní amháin. Bainfidh ardáin agus díoltóirí ar líne úsáid as cód ar líne a bhaineann le hAitheantas Gréasáin, sin agus as na sonraí atá ábhartha do ghníomhaíocht ar leith. Ba cheart an socrú réamhshocraithe maidir le comhroinnt sonraí tríd an Aitheantas sin a bheith ag 'gan toiliú'. Níor cheart na sonraí a thabhairt ach amháin do na páirtithe a bhfuil baint dhíreach acu leis agus ní do thríú páirtí. Má thugtar na sonraí do thríú páirtí, ba cheart an rogha a bheith ag saoránach gan a bheith páirteach agus é a fhorfheidhmiú gan stró. Níor cheart go mbeadh an t-eolas ar fáil ach ar feadh tréimhse teoranta ama nó i dtaca le hidirbheart ar leith. An t-údarú chun sonraí a úsáid, ba cheart go mbeadh am éagtha nó sainmhíniú soiléir ag gabháil leis maidir leis an méid is féidir le cuideachta a dhéanamh leis na sonraí sin.**

Molaimid an méid sin toisc, faoi láthair, is féidir le cuideachtaí na sonraí go léir a chnuaschoipeáil, sonraí pearsanta agus íogaire san áireamh, agus ansin iad a úsáid ar neart cuspóirí gan conas ná cén fáth a nochtadh go díreach. Mar sin, faigheann na gníomhaithe níos

mó eolais ná mar is gá dóibh chun seirbhísí a chur ar fáil dúinn agus ansin is féidir leo sonraí eile a athdhíol nó a athúsáid gan toiliú. San am céanna, ráthóidh sé cuntasacht na n-úsáideoirí idirlín agus caomhnófar anaithnideacht choibhneasta na n-úsáideoirí.

